



---

*Uimhir 1 de 2016*

---

**AN tACHT UM RÁTHAÍOCHT CHREIDMHEASA (LEASÚ), 2016**  
[*An tiontú oifigiúil*]

---

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua
2. Mínithe

CUID 2

LEASÚ AR AN bPRÍOMH-ACHT

3. Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht
4. Soláthraí airgeadais rannpháirteach
5. Cumhacht an Aire chun ráthaíochtaí a thabhairt
6. Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht
7. Fiontar rannpháirteach d'íoc préimhe leis an Aire
8. An tAire do tharraingt ráthaíochta siar
9. Feidhm na Coda

CUID 3

FRITHRÁTHAÍOCHTAÍ

10. Mínithe
11. Cumhacht an Aire chun frithráthaíochtaí a thabhairt
12. Teorainn airgeadaíochta le dliteanas an Aire
13. Scéimeanna frithráthaíochta

[Uimh. 1.]            *An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016.*            [2016.]

14. Foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach d'íoc préimhe leis an Aire
15. Athbhreithniú ar scéim frithráthaíochta
16. Caiteachais

#### CUID 4

##### LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA NEAMHGAOLMHARA AR ACHTACHÁIN EILE

17. Leasú ar alt 101 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998
18. Leasú ar alt 34 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000
19. Leasú ar an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015
20. Leasú ar alt 916 d'Acht na gCuideachtaí, 2014

[2016.]      *An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016.*      [Uimh. 1.]

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)  
An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 (Uimh. 26)  
An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (Uimh. 21)  
An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2006 (Uimh. 16)  
An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 (Uimh. 5)  
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)  
An tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977 (Uimh. 10)  
An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Uimh. 16)





---

*Uimhir 1 de 2016*

---

## **AN tACHT UM RÁTHAÍOCHT CHREIDMHEASA (LEASÚ), 2016**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do leasú agus do leathnú an Achta um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012; dá chumasú don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, de bhun scéim frithráthaíochta arna déanamh ag an Aire sin den Rialtas, frithráthaíochtaí a thabhairt d'fhorais airgeadais spreagthachta le haghaidh ráthaíochtaí arna dtabhairt ag na forais do sholáthraithe airgeadais i leith comhaontuithe airgeadais arna ndéanamh ag na soláthraithe airgeadais le fiontair cháilitheacha; do chur teorainn airgeadaíochta bhliantúil le dliteanas ionchasach an Aire sin den Rialtas i leith na scéimeanna ráthaíochta creidmheasa agus na scéimeanna frithráthaíochta go léir arna dtógáil le chéile; do leasú an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, an Achta um Pá Íosta Náisiúnta, 2000, an Achta um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 agus Acht na gCuideachtaí, 2014; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[8 Feabhra 2016]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### CUID 1

#### RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

#### **Gearrtheideal, tosach feidhme agus comhlua**

1. (1) Féadfar an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo (seachas *Cuid 4*) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.
- (3) Féadfar na hAchtanna um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 agus 2016 a ghairm de *Chodanna 1 go 3* agus den Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012, le chéile.

#### **Mínithe**

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Aire” an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012.

## CUID 2

### LEASÚ AR AN BPRÍOMH-ACHT

#### Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht

##### 3. Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht—

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘comhaontú saoráide creidmheasa sócmhainne’ comhaontú (seachas comhaontú iasachta nó comhaontú saoráide creidmheasa) faoina gcomhaontaíonn soláthraí airgeadais rannpháirteach creidmheas i bhfoirm maoin shochorraithe inláimhsithe a sholáthar d’fhiontar cáilitheach—

(a) ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar sa chomhaontú, nó

(b) ar cibé teagmhas a shonrófar amhlaidh do tharlú,

i gcomaoin an fiontar cáilitheach sin do chomhaontú íocaíochtaí a dhéanamh leis an soláthraí airgeadais rannpháirteach ar cibé dáta nó dátaí, nó ar cibé teagmhas do tharlú, a shonrófar amhlaidh, agus forléireofar ‘saoráid creidmheasa sócmhainne’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘praghas airgid thirim’, i ndáil le maoin arna soláthar de bhun comhaontú airgeadais cáilitheach is comhaontú saoráide creidmheasa sócmhainne, an praghas a cheanglófaí ar an bhfiontar rannpháirteach a íoc as an maoin dá mba rud é, tráth déanta an chomhaontaithe, gur roghnaigh an fiontar sin—

(a) an mhaoin a cheannach, agus

(b) íoc as an maoin in airgead tirim;

ciallaíonn ‘méid creidmheasa’—

(a) i gcás comhaontú airgeadais cáilitheach is comhaontú iasachta, príomhshuim an airgid a fuair fiontar rannpháirteach ar iasacht ón soláthraí airgeadais rannpháirteach de bhun an chomhaontaithe,

(b) i gcás comhaontú airgeadais cáilitheach is comhaontú saoráide creidmheasa, uasmhéid (cibé acu a tarraingíodh nó nár tarraingíodh anuas é) an airgid ar comhaontaíodh go ndéanfadh an soláthraí airgeadais rannpháirteach é a thabhairt nó a airleacan d’fhiontar rannpháirteach, nó do thrú páirtí arna ainmniú ag fiontar rannpháirteach chuige sin, de bhun an chomhaontaithe,

(c) i gcás comhaontú airgeadais cáilitheach is comhaontú saoráide creidmheasa sócmhainne, praghas airgid thirim (arna shonrú sa chomhaontú) na maoine arna sholáthar ag an soláthraí airgeadais rannpháirteach d’fhiontar rannpháirteach de bhun an chomhaontaithe, agus

- (d) i gcás comhaontú airgeadais cáilitheach is comhaontú saoráide airgeadais sonraisc, uasmhéid an airgid ar comhaontaíodh go ndéanfadh an soláthraí airgeadais rannpháirteach é a thabhairt nó a airleacan d'fhiontar rannpháirteach de bhun an chomhaontaithe, is cuma an ndéantar an méid sin a thabhairt nó a airleacan;

ciallaíonn 'comhaontú saoráide creidmheasa' comhaontú (seachas comhaontú iasachta) faoina gcomhaontaíonn soláthraí airgeadais rannpháirteach suim nó suimeanna airgid a thabhairt nó a airleacan d'fhiontar cáilitheach, nó do thríú páirtí a bheidh ainmnithe ag fiontar cáilitheach chuige sin—

- (a) ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar sa chomhaontú, nó
- (b) ar cibé teagmhas a shonrófar amhlaidh do tharlú,

i gcomaoin an fiontar cáilitheach sin do chomhaontú an tsuim nó na suimeanna airgid sin, a rinneadh a thabhairt nó a airleacan amhlaidh, agus ús nó muirir (más ann) ar an gcéanna, a aisíoc leis an soláthraí airgeadais rannpháirteach ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar amhlaidh, agus forléireofar 'saoráid chreidmheasa' dá réir sin;

ciallaíonn 'comhaontú airgeadais'—

- (a) comhaontú iasachta,
- (b) comhaontú saoráide creidmheasa,
- (c) comhaontú saoráide creidmheasa sócmhainne, nó
- (d) comhaontú saoráide airgeadais sonraisc;

ciallaíonn 'soláthraí airgeadais' duine a dhéanann, i ngnáthchúrsa gnó—

- (a) táirgí airgeadais a sholáthar d'fhiontair cháilitheacha,
- (b) socrú chun go ndéanfaidh daoine eile táirgí airgeadais a sholáthar d'fhiontair cháilitheacha, nó
- (c) saoráidí a sholáthar chun go ndéanfaidh an duine earraí nó seirbhísí a sholáthar ar creidmheas d'fhiontair cháilitheacha,

ach ní fholaíonn sé duine a dtuairmítear air nó uirthi faoi dhlí an Stáit nó aon stáit eile gabháil d'aon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear sna míreanna sin roimhe seo, agus forléireofar tagairtí do sholáthar táirge airgeadais dá réir sin;

ciallaíonn 'táirge airgeadais'—

- (a) iasacht,
- (b) saoráid chreidmheasa,
- (c) saoráid creidmheasa sócmhainne, nó
- (d) saoráid airgeadais sonraisc,

a sholáthraítear d'fhiontar cáilitheach faoi chomhaontú airgeadais;

ciallaíonn ‘comhaontú saoráide airgeadais sonraisc’ comhaontú faoina gcomhaontaíonn soláthraí airgeadais rannpháirteach suim nó suimeanna airgid a thabhairt nó a airleacan d'fhiontar cáilitheach i gcomaoin an fiontar cáilitheach sin do shannadh an chirt don soláthraí airgeadais rannpháirteach chun fiacha atá dlite don fhiontar cáilitheach sin a ghnóthú, agus forléireofar ‘saoráid airgeadais sonraisc’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘fiontar rannpháirteach’ fiontar cáilitheach—

- (a) d'aicme lena mbaineann scéim ráthaíochta creidmheasa, agus
- (b) a rinne comhaontú airgeadais cáilitheach le soláthraí airgeadais rannpháirteach;

forléireofar ‘soláthraí airgeadais rannpháirteach’ de réir alt 2;

ciallaíonn ‘comhaontú airgeadais cáilitheach’ comhaontú airgeadais—

- (a) ar ina leith a comhlíonadh na coinníollacha a bheidh sonraithe i scéim ráthaíochta creidmheasa faoi fho-alt (4) d'alt 5,
- (b) d'aicme comhaontaithe airgeadais lena mbaineann scéim ráthaíochta creidmheasa,
- (c) a dhéantar chun críche nach sáraíonn foráil de chuid scéim ráthaíochta creidmheasa lena mbaineann mír (c) den fho-alt sin, agus
- (d) nach gceadaítear leis do sholáthraí airgeadais a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú faoin gcomhaontú airgeadais ar mhodh a mbeadh de thoradh air—
  - (i) gur mhó luach an táirge airgeadais arna sholáthar faoin gcomhaontú ná an luach uasta a bheidh sonraithe faoin bhfo-alt sin,
  - (ii) gur mhó comhiomlán luach na dtáirgí airgeadais arna soláthar faoi aicme áirithe comhaontuithe airgeadais leis an bhfiontar cáilitheach lena mbaineann ná an luach uasta a bheidh sonraithe amhlaidh, nó
  - (iii) gur mhó comhiomlán luach na dtáirgí airgeadais arna soláthar faoi na comhaontuithe airgeadais cáilitheacha go léir leis an bhfiontar cáilitheach lena mbaineann ná an luach uasta a bheidh sonraithe faoin bhfo-alt sin;”,

(b) sa mhíniú ar “comhaontú iasachta”—

- (i) tríd an leagan cuí gramadaí de “soláthraí airgeadais rannpháirteach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “iasachtóir rannpháirteach” gach áit a bhfuil sé, agus
- (ii) trí “, saoráid cárta creidmheasa nó saoráid líne creidmheasa” a chur isteach i ndiaidh “saoráid rótharraingte”,

agus



(c) trí na mínithe orthu seo a leanas a scriosadh—

- (i) “iasachtóir”,
- (ii) “Comhaontú LEE”,
- (iii) “stát de chuid LEE”,
- (iv) “iasachtaí rannpháirteach”
- (v) “iasachtóir rannpháirteach”, agus
- (vi) “comhaontú iasachta cáilitheach”.

#### **Soláthraí airgeadais rannpháirteach**

4. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 2:

“2. (1) Chun críocha an Achta seo, is soláthraí airgeadais rannpháirteach soláthraí airgeadais más rud é—

- (a) gur duine é nó í an soláthraí airgeadais a bhfuil éifeacht ag deimhniú faoi fho-alt (2) ina leith, agus
- (b) go bhfuil an soláthraí airgeadais ceadaithe de thuras na huaire ag an Aire de réir an ailt seo.

(2) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh an tAire, ar an duine dá dtagraítear i mír (a) nó (b), de réir mar is cuí, do sholáthar cibé faisnéis nó doiciméadacht a mheasfaidh an tAire is gá, a dheimhniú i scríbhinn gur deimhin leis nó léi—

- (a) gur soláthraí airgeadais é nó í duine, nó
- (b) go mbeartaíonn duine gnó a sheoladh arb éard é—
  - (i) táirgí airgeadais a sholáthar d’fhiontair cháilitheacha,
  - (ii) socrú a dhéanamh chun go ndéanfaidh daoine eile táirgí airgeadais a sholáthar d’fhiontair cháilitheacha, nó
  - (iii) saoráidí a sholáthar chun go ndéanfaidh an chéad duine a luaitear sa mhír seo earraí nó seirbhísí a sholáthar ar creidmheas d’fhiontair cháilitheacha.

(3) Féadfaidh an tAire soláthraí airgeadais a cheadú faoin alt seo más rud é—

- (a) go ndearbhaíonn an soláthraí airgeadais, i scríbhinn, go gcomhaontaíonn sé nó sí téarmaí scéime ráthaíochta creidmheasa a chomhlíonadh agus a bheith faoi cheangal ag téarmaí scéime den sórt sin, agus
- (b) gur deimhin leis an Aire gur chomhlíon an soláthraí airgeadais na coinníollacha infheidhme.

- (4) Féadfaidh an tAire ceadú faoin alt seo a tharraingt siar má scoireann soláthraí airgeadais de na coinníollacha infheidhme a chomhlíonadh nó má sháraíonn sé nó sí aon fhorálacha eile de chuid scéim ráthaíochta creidmheasa.

#### **Cumhacht an Aire chun ráthaíochtaí a thabhairt**

5. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 4:

- “4. (1) Faoi réir an ailt seo agus *alt 12* den *Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016*, féadfaidh an tAire, de réir scéim ráthaíochta creidmheasa, comhaontú a dhéanamh le soláthraí airgeadais rannpháirteach trína ráthófar go ndéanfar cibé cuid den mhéid creidmheasa faoi chomhaontú airgeadais cáilitheach a bheidh sonraithe sa chomhaontú céadluaithe a aisíoc go cuí nó a íoc go cuí, de réir mar a bheidh, leis an soláthraí airgeadais rannpháirteach sin.
- (2) Faoi réir fho-alt (3) agus *alt 12* den *Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú), 2016*, ní bheidh an tAire faoi dhliteanas, de bhun ráthaíocht faoin alt seo, i ndáil le haon chomhaontú airgeadais cáilitheach áirithe, méid a íoc is mó ná 80 faoin gcéad den mhéid creidmheasa—
- (a) a mbeidh an fiontar rannpháirteach lena mbaineann faoi dhliteanas, de thuras na huairé, é a íoc leis an soláthraí airgeadais rannpháirteach lena mbaineann, agus
- (b) a bheidh gan íoc.
- (3) Ní dhéanfaidh an tAire na cumhachtaí a thugtar dó nó di leis an alt seo a fheidhmiú ar mhodh a mbeadh de thoradh air go mbeadh sé nó sí faoi dhliteanas, i leith comhaontuithe airgeadais cáilitheacha arna ndéanamh ag an soláthraí airgeadais rannpháirteach céanna, méideanna a íoc leis an soláthraí airgeadais rannpháirteach sin ar mhó a gcomhiomlán ná 13 faoin gcéad de chomhiomlán na méideanna creidmheasa faoi na comhaontuithe airgeadais cáilitheacha sin.
- (4) Ní dhéanfaidh an tAire na cumhachtaí a thugtar dó nó di leis an alt seo a fheidhmiú ar mhodh a mbeadh de thoradh air gur mhó an méid creidmheasa bliantúil lena mbaineann ráthaíochtaí faoin alt seo ná €150 milliún.
- (5) Déanfaidh an tAire, i ndáil le scéim ráthaíochta creidmheasa, tar éis dul i gcomhairle leis an soláthraí airgeadais rannpháirteach lena mbaineann, agus trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt don soláthraí, luach uasta táirgí airgeadais a shonrú a bhféadfaidh an soláthraí sin iad a sholáthar de bhun comhaontuithe airgeadais cáilitheacha—
- (a) arna ndéanamh in aon bhliain, agus
- (b) lena mbaineann ráthaíochtaí faoin alt seo.
- (6) Féadfaidh an tAire fógra a thabhairt i scríbhinn do sholáthraí airgeadais rannpháirteach á rá nach mbeidh feidhm ag comhaontú a bheidh déanta ag an Aire leis an soláthraí airgeadais rannpháirteach faoin alt seo i ndáil le haicme nó le haicmí comhaontuithe airgeadais cáilitheacha (dá ngairtear “comhaontuithe airgeadais nua” san alt seo) a bheidh déanta ag an soláthraí airgeadais rannpháirteach tar éis cibé dáta a shonrófar san fhógra.

- (7) Ní bheidh feidhm ag comhaontú faoin alt seo maidir le comhaontuithe airgeadais nua.
- (8) San alt seo, ciallaíonn ‘méid creidmheasa bliantúil’, i ndáil le haon bhliain áirithe, comhiomlán na méideanna creidmheasa go léir i leith na gcomhaontuithe airgeadais cáilitheacha go léir a bheidh déanta sa bhliain sin.”.

#### **Leasú ar alt 5 den Phríomh-Acht**

##### **6. Leasaítear alt 5 den Phríomh-Acht—**

(a) i bhfo-alt (2)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) cibé faisnéis a thabhairt don Aire, a theastóidh le réasún uaidh nó uaithi chun ceadú a dheonú faoi alt 2 nó chun comhaontú a dhéanamh faoi alt 4;”,

(ii) i mír (b), tríd an leagan cúí gramadaí de “soláthraí airgeadais rannpháirteach” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh de “iasachtóir rannpháirteach”, gach áit a bhfuil sé,

(iii) i mír (c), trí “soláthraí airgeadais rannpháirteach” a chur in ionad “iasachtóir rannpháirteach”,

(iv) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (d):

“(d) gan dochar do ghinearáltacht alt 8(4), an modh ar a n-íocfar an phréimh faoi alt 8 agus an tráth nó na tráthanna a íocfar an phréimh;”,

(v) i mír (e), trí “soláthraithe airgeadais rannpháirteacha” a chur in ionad “iasachtóirí rannpháirteacha”,

(vi) i mír (f), trí “le soláthraithe airgeadais” a chur in ionad “iasachtóirí”, agus

(vii) i mír (h), trí “faoi chomhaontú airgeadais” a chur in ionad “faoi chomhaontú iasachta”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Sonrófar i scéim faoin alt seo coinníollacha (dá ngairtear ‘coinníollacha infheidhme’ san Acht seo), a gcomhlíonfaidh soláthraí airgeadais iad chun go ndeonófar ceadú faoi alt 2, ar coinníollacha iad a bhaineann leis an méid seo a leanas—

(a) beartais agus cleachtais an tsoláthraí airgeadais—

(i) maidir le táirgí airgeadais a sholáthar i gcoitinne,

(ii) maidir le táirgí airgeadais a sholáthar d’fhiontair cháilitheacha,

(iii) maidir le priacal creidmheasa nó cobhsaíocht airgeadais fiontar cáilitheach a mheasúnú,

- (iv) maidir le suimeanna atá dlite don soláthraí airgeadais d'fhiontar cáilitheach nó maoin arna soláthar ag an soláthraí airgeadais d'fhiontar cáilitheach faoi chomhaontú airgeadais cáilitheach a ghnóthú, agus
  - (v) maidir le fiontair cháilitheacha do sholáthar urrús le haghaidh táirgí airgeadais arna soláthar d'fhiontair cháilitheacha faoi chomhaontuithe airgeadais cáilitheacha,
  - (b) na foinsí óna bhfaigheann an soláthraí airgeadais a airgeadas nó a hairgeadas nó a mhaoiniú nó a maoiniú,
  - (c) stair chreidmheasa an tsoláthraí airgeadais agus, i gcás aicmí áirithe soláthraí airgeadais a shonrófar sa scéim, duine a bhfuil, faoi réir fho-alt (6), leas rialaithe aige nó aici sa soláthraí airgeadais,
  - (d) cuntais agus feidhmíocht airgeadais an tsoláthraí airgeadais,
  - (e) i gcás soláthraí airgeadais dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar 'soláthraí airgeadais', an soláthraí airgeadais d'íoc aon airgead, a gheobhaidh an soláthraí sin ón Aire de bhun ráthaíocht faoi alt 4 i leith comhaontú airgeadais cáilitheach, leis an duine a sholáthair an táirge airgeadais lena mbaineann an comhaontú sin,
  - (f) riaradh agus bainistiú an tsoláthraí airgeadais,
  - (g) an táirge airgeadais nó na táirgí airgeadais lena mbaineann an scéim, lena n-áirítear—
    - (i) an fhaisnéis agus an doiciméadacht a bheidh le soláthar ag an soláthraí airgeadais don Aire i ndáil leis na táirgí airgeadais sin a sholáthar,
    - (ii) an fhaisnéis agus an doiciméadacht a bheidh le soláthar ag an soláthraí airgeadais d'fhiontair cháilitheacha i ndáil leis na táirgí airgeadais sin a sholáthar, agus
    - (iii) an t-ús, na muirir agus na costais eile (más ann) a fhéadfar a chur i bhfeidhm i ndáil leis na táirgí airgeadais sin a sholáthar d'fhiontair cháilitheacha,
  - (h) na nósanna imeachta i ndáil le maoirsiú a dhéanamh ar chomhaontuithe airgeadais arna ndéanamh ag comhaltaí d'fhoireann an tsoláthraí airgeadais thar ceann an tsoláthraí airgeadais, agus
  - (i) más infheidhme, cúlchistí caipitil an tsoláthraí airgeadais,
- agus a ndearbhaítear i scéim ráthaíochta creidmheasa gur coinníollacha iad a gcomhlíonfaidh soláthraí airgeadais iad sula bhféadfar ceadú i leith an tsoláthraí airgeadais sin a thabhairt faoi alt 2.”,
- (c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Sonrófar i scéim faoin alt seo—

- (a) an aicme nó na haicmí díobh seo a leanas—
  - (i) fiontar cáilitheach,
  - (ii) soláthraí airgeadais,
  - (iii) táirge airgeadais, agus
  - (iv) comhaontú airgeadais,lena mbainfidh an scéim,
- (b) na coinníollacha a chomhlíonfar i ndáil le soláthraí airgeadais rannpháirteach do dhéanamh comhaontú airgeadais le fiontar cáilitheach,
- (c) na cuspóirí a bhféadfar airgead nó maoin eile a gheobhaidh fiontair cháilitheacha de bhun comhaontú airgeadais a úsáid ina leith,
- (d) luach nó luachanna uasta táirge airgeadais nó táirgí airgeadais a fhéadfar a sholáthar d'fhiontar cáilitheach faoi chomhaontú airgeadais nó faoi chomhaontuithe airgeadais lena mbaineann an scéim, agus
- (e) an mhodheolaíocht dá dtagraítear in alt 8(1).”,

agus

- (d) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) (a) Féadfaidh an tAire a cheangal go ndéanfar aon faisnéis, dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) arna tabhairt dó nó di ag duine i gcomhlíonadh scéime faoin alt seo, a fhianú maidir le fírinne na faisnéise trí dhearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an duine sin.

(b) Féadfaidh an tAire a cheangal go ndéanfar aon doiciméad, faisnéis nó tuarascáil, dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(f) arna thabhairt nó arna tabhairt dó nó di ag soláthraí airgeadais i gcomhlíonadh scéime faoin alt seo, a fhianú maidir le fírinne ábhair an doiciméid nó na tuarascála nó, de réir mar a bheidh, maidir le fírinne na faisnéise, trí dhearbhú reachtúil arna dhéanamh ag an soláthraí airgeadais sin.

(6) Chun críocha an ailt seo, forléireofar leas rialaithe de réir fho-alt (14) d’alt 494 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus, dá réir sin, beidh feidhm ag an bhfo-alt sin i ndáil le soláthraí airgeadais faoi réir aon mhodhnuithe is gá.”.

#### **Fiontar rannpháirteach d’íoc préimhe leis an Aire**

7. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 8:

“8. (1) Faoi réir an ailt seo, déanfaidh fiontar rannpháirteach, de réir scéim ráthaíochta creidmheasa a bhfuil feidhm aici maidir leis an bhfiontar agus comhaontú airgeadais cáilitheach a bheidh déanta ag an bhfiontar le soláthraí airgeadais rannpháirteach, méid (dá ngairtear ‘an phréimh’ sa alt seo), arna

chinneadh ag an Aire de réir na modheolaíochta a bheidh sonraithe sa scéim chun an cinneadh sin a dhéanamh, a íoc leis an Aire.

- (2) Beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas le linn an mhodheolaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a shonrú i scéim ráthaíochta creidmheasa—
  - (a) na caiteachais dá dtagraítear in alt 11 agus a bheidh tabhaithe nó is dóigh a thabhfófar, nó a bheidh tabhaithe agus is dóigh a thabhfófar, i ndáil leis an scéim, agus
  - (b) cuspóirí na scéime.
- (3) Beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas, le linn an mhodheolaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a shonrú i scéim ráthaíochta creidmheasa, a mhéid a bhaineann leis na caiteachais dá dtagraítear in alt 11—
  - (a) méid agus cáilíocht na bhfiontar rannpháirteach a bhfuil feidhm ag an scéim maidir leo,
  - (b) na priacail a ghabhann leis na fiontair rannpháirteacha sin,
  - (c) na gnáthphriacail a ghabhann leis an earnáil nó leis na hearnálacha gnó lena mbaineann na fiontair rannpháirteacha sin,
  - (d) ré ráthaíochtaí a thabharfar faoin scéim,
  - (e) dliteanas an Aire faoi alt 4(2) i ndáil le comhaontú airgeadais cáilitheach a bhfuil feidhm ag an scéim maidir leis, agus
  - (f) an cineál comhaontuithe airgeadais cáilitheacha a bhfuil feidhm ag an scéim maidir leo.
- (4) Féadfar an phréimh a mhuirearú go bliantúil, féadfar í a íoc in aon íocaíocht amháin nó ina tráthchodanna, agus féadfar í a íoc cibé tráth nó tráthanna a shonrófar sa scéim ráthaíochta creidmheasa.
- (5) Úsáidfidh an tAire an phréimh a gheobhaidh sé nó sí ó fhiontar rannpháirteach chun costais na scéime ráthaíochta creidmheasa a bhfuil feidhm aici maidir leis an bhfiontar a íoc agus chuige sin amháin.”.

#### **An tAire do tharraingt ráthaíochta siar**

**8.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9:

- “**9.** (1) I gcás go mainneoidh nó go ndiúltóidh soláthraí airgeadais rannpháirteach téarmaí scéime ráthaíochta creidmheasa a chomhlíonadh, féadfaidh an tAire aon ráthaíocht a bheidh tugtha aige nó aici maidir le haon chomhaontú airgeadais cáilitheach ar páirtí ann an soláthraí airgeadais rannpháirteach sin a tharraingt siar.
- (2) Maidir le haon téarma de chuid comhaontú airgeadais lena gceadaítear do sholáthraí airgeadais rannpháirteach—
  - (a) téarma nó coinníoll de chuid an chomhaontaithe sin a athrú ar ráthaíocht a tharraingt siar de réir fho-alt (1), nó

- (b) téarmaí agus coinníollacha is lú fabhar a fhorchur ar an bhfiontar rannpháirteach ar ráthaíocht a tharraingt siar de réir fho-alt (1),

beidh sé ar neamhní.”.

#### **Feidhm na Coda**

9. Ní bheidh feidhm ag na leasuithe ar an bPríomh-Acht a dhéantar leis an gCuid seo—

- (a) maidir leis an Scéim um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2012 (I.R. Uimh. 360 de 2012),
- (b) maidir leis an Scéim um Ráthaíocht Chreidmheasa, 2015 (I.R. Uimh. 48 de 2015),
- (c) maidir le haon ráthaíochtaí arna soláthar faoi cheachtar de na Scéimeanna sin, nó
- (d) maidir le haon chomhaontuithe iasachta lena mbaineann ceachtar de na Scéimeanna sin.

### CUID 3

#### FRITHRÁTHAÍOCHTAÍ

#### **Mínithe**

10. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “comhaontú saoráide creidmheasa sócmhainne” comhaontú (seachas comhaontú iasachta nó comhaontú saoráide creidmheasa) faoina gcomhaontaíonn soláthraí airgeadais creidmheas i bhfoirm maoin shochorraithe inláimhsithe a sholáthar d’fhiontar cáilitheach—

- (a) ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar sa chomhaontú, nó
- (b) ar cibé teagmhas a shonrófar amhlaidh do tharlú,

i gcomaoin an fiontar cáilitheach sin do chomhaontú íocaíochtaí a dhéanamh leis an soláthraí airgeadais ar cibé dáta nó dátaí, nó ar cibé teagmhas do tharlú, a shonrófar amhlaidh, agus forléireofar “saoráid creidmheasa sócmhainne” dá réir sin;

tá le “comhaontú frithráthaíochta” an bhrí a shanntar dó in *alt 11(1)*;

ciallaíonn “scéim frithráthaíochta” scéim faoi *alt 13*;

ciallaíonn “comhaontú saoráide creidmheasa” comhaontú (seachas comhaontú iasachta) faoina gcomhaontaíonn soláthraí airgeadais suim nó suimeanna airgid a thabhairt nó a airleacan d’fhiontar cáilitheach, nó do thríú páirtí a bheidh ainmnithe ag fiontar cáilitheach chuige sin—

- (a) ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar sa chomhaontú, nó
- (b) ar cibé teagmhas a shonrófar amhlaidh do tharlú,

i gcomaoin an fiontar cáilitheach sin do chomhaontú an tsuim nó na suimeanna airgid sin a rinneadh a thabhairt nó a airleacan amhlaidh, agus ús agus muirir (más ann) ar an

gcéanna, a aisíoc leis an soláthraí airgeadais ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar amhlaidh, agus forléireofar “saoráid chreidmheasa” dá réir sin;

ciallaíonn “scéim ráthaíochta creidmheasa” scéim faoi alt 5 den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “comhaontú airgeadais”—

- (a) comhaontú iasachta,
- (b) comhaontú saoráide creidmheasa,
- (c) comhaontú saoráide creidmheasa sócmhainne, nó
- (d) comhaontú saoráide airgeadais sonraisc;

ciallaíonn “soláthraí airgeadais” duine a dhéanann, i ngnáthchúrsa gnó—

- (a) táirgí airgeadais a sholáthar d’fhiontair cháilitheacha,
- (b) socrú chun go ndéanfaidh daoine eile táirgí airgeadais a sholáthar d’fhiontair cháilitheacha, nó
- (c) saoráidí a sholáthar chun go ndéanfaidh an duine earraí nó seirbhísí a sholáthar ar creidmheas d’fhiontair cháilitheacha,

ach ní fholaíonn sé duine a dtairmísteair air nó uirthi faoi dhlí an Stáit nó aon stáit eile gabháil d’aon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear sna míreanna sin roimhe seo, agus forléireofar tagairtí do sholáthar táirge airgeadais dá réir sin;

ciallaíonn “táirge airgeadais”—

- (a) iasacht,
- (b) saoráid chreidmheasa,
- (c) saoráid creidmheasa sócmhainne, nó
- (d) saoráid airgeadais sonraisc,

a sholáthraítear d’fhiontar cáilitheach faoi chomhaontú airgeadais;

ciallaíonn “comhaontú saoráide airgeadais sonraisc” comhaontú faoina gcomhaontaíonn soláthraí airgeadais suim nó suimeanna airgid a thabhairt nó a airleacan d’fhiontar cáilitheach i gcomaoin an fiontar cáilitheach sin do shannadh an chirt don soláthraí airgeadais chun fiacha atá dlite don fhiontar cáilitheach sin a ghnóthú, agus forléireofar “saoráid airgeadais sonraisc” dá réir sin;

ciallaíonn “comhaontú iasachta” comhaontú faoina gcomhaontaíonn soláthraí airgeadais suim nó suimeanna airgid a thabhairt nó a airleacan d’fhiontar cáilitheach—

- (a) ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar sa chomhaontú, nó
- (b) ar cibé teagmhas a shonrófar amhlaidh do tharlú,

i gcomaoin an fiontar cáilitheach sin do chomhaontú príomhshuim aon suime nó suimeanna a rinneadh a thabhairt nó a airleacan amhlaidh, agus ús (más ann) ar an gcéanna, a aisíoc leis an soláthraí airgeadais ar cibé dáta nó dátaí a shonrófar amhlaidh,



ach ní fholáíonn sé comhaontú chun saoráid (ar a dtugtar saoráid rótharraingte, saoráid cárta creidmheasa nó saoráid líne creidmheasa de ghnáth) a sholáthar d'fhiontar cáilitheach, agus forléireofar “iasacht” dá réir sin;

ciallaíonn “foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach” foras airgeadais spreagthachta a rinne comhaontú frithráthaíochta agus—

- (a) i ndáil le comhaontú frithráthaíochta, ciallaíonn sé an foras airgeadais spreagthachta a rinne an comhaontú sin, agus
- (b) i ndáil le scéim frithráthaíochta, ciallaíonn sé an foras airgeadais spreagthachta a rinne an comhaontú frithráthaíochta a bhfuil an scéim sin ag gabháil leis mar sceideal;

ciallaíonn “scéim ráthaíochta forais airgeadais spreagthachta” scéim—

- (a) a dhéanann agus a oibríonn foras airgeadais spreagthachta,
- (b) nach mbaineann ach amháin le comhaontuithe airgeadais a dhéantar idir soláthraithe airgeadais agus fiontair cháilitheacha, agus
- (c) ar dá réir a fhéadfaidh an foras dá dtagraítear i *mír (a)* ráthaíochtaí a thabhairt i leith comhaontuithe dá dtagraítear i *mír (b)*;

ciallaíonn “foras airgeadais spreagthachta”—

- (a) Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, nó
- (b) banc nó foras spreagthachta náisiúnta de réir na brí atá le banc nó institiúid náisiúnta le haghaidh spreagadh i Rialachán (AE) 2015/1017 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscail Infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1291/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 — an Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha<sup>1</sup>;

forléireofar “fiontar cáilitheach” de réir alt 3 den Phríomh-Acht (agus, dá réir sin, foláíonn an tagairt san alt sin do “Acht” an Chuid seo);

tá le “comhaontú airgeadais cáilitheach” an bhrí a shanntar dó le halt 1 den Phríomh-Acht;

ciallaíonn “comhaontú ráthaíochta cáilitheach forais airgeadais spreagthachta”, i ndáil le scéim ráthaíochta cháilitheach forais airgeadais spreagthachta, comhaontú ráthaíochta arna dhéanamh ag foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach de réir na scéime sin;

ciallaíonn “scéim ráthaíochta cháilitheach forais airgeadais spreagthachta” scéim ráthaíochta forais airgeadais spreagthachta—

- (a) ar ina leith a comhlíonadh na coinníollacha a bheidh sonraithe i scéim frithráthaíochta faoi *fho-alt (4)(c) d’alt 13*,
- (b) d’aicme scéime ráthaíochta forais airgeadais spreagthachta lena mbaineann scéim frithráthaíochta,

<sup>1</sup>OJ Uimh. L169, 1.7.2015, lch.1

- (c) a dhéantar chun soláthar creidmheasa nó creidmheasa breise d'fhiontair cháilitheacha a spreagadh, agus
- (d) nach gceadaítear léi don fhoras airgeadais spreagthachta a oibríonn an scéim ráthaíochta forais airgeadais spreagthachta ráthaíochtaí a sholáthar a mbeadh de thoradh orthu go rachfaí thar an luach uasta dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(d) d'alt 13*, agus a bheidh sonraithe sa scéim frithráthaíochta dá dtagraítear i *mír (b)*.

#### Cumhacht an Aire chun frithráthaíochtaí a thabhairt

- 11.** (1) Faoi réir an ailt seo agus *alt 12*, féadfaidh an tAire, de réir scéim frithráthaíochta, comhaontú (dá ngairtear “comhaontú frithráthaíochta” sa Chuid seo) a dhéanamh le foras airgeadais spreagthachta trína ráthófar go ndéanfar cibé cuid, de réir mar a bheidh sonraithe sa chomhaontú frithráthaíochta, den airgead (gan aon ús ná muirir eile a áireamh) a d'íoc an foras sin le soláthraithe airgeadais de bhun comhaontuithe ráthaíochta cáilitheacha forais airgeadais spreagthachta a aisíoc go cuí leis an bhforas sin.
- (2) Maidir le comhaontú frithráthaíochta—
- (a) beidh an scéim frithráthaíochta lena mbaineann sé ag gabháil leis mar sceideal, agus
  - (b) beidh dearbhú ann, ón bhforas airgeadais spreagthachta a mbeidh an comhaontú á dhéanamh aige, go gcomhaontaíonn sé a bheith faoi cheangal ag téarmaí na scéime dá dtagraítear i *mír (a)* agus ag téarmaí eile (más ann) an chomhaontaithe sin.
- (3) Ní bheidh an tAire faoi dhliteanas, de bhun comhaontú frithráthaíochta, i ndáil le haon chomhaontú ráthaíochta cáilitheach áirithe forais airgeadais spreagthachta, méid a íoc leis an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach is mó ná dliteanas uasta an Aire, dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(e) d'alt 13* agus de réir mar a bheidh sonraithe sa scéim frithráthaíochta a bheidh ag gabháil leis an gcomhaontú frithráthaíochta sin mar sceideal, i leith airgead—
- (a) a bheidh, de thuras na huairé, gan íoc leis an soláthraí airgeadais faoi aon chomhaontú airgeadais, agus
  - (b) a d'íoc an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach leis an soláthraí airgeadais de bhun an chomhaontaithe ráthaíochta cháilitheach forais airgeadais spreagthachta sin, i leith an airgid sin a bheidh gan íoc amhlaidh.
- (4) Chun críocha na Coda seo, tá an chumhacht ag Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, ina cáil mar fhoras airgeadais spreagthachta, chun ráthaíochtaí a thabhairt do sholáthraithe airgeadais i leith comhaontuithe airgeadais.
- (5) (a) Féadfaidh an tAire, i leith comhaontú frithráthaíochta, fógra a thabhairt i scríbhinn don fhoras airgeadais spreagthachta rannpháirteach á rá nach mbeidh feidhm ag an gcomhaontú sin i ndáil le comhaontuithe ráthaíochta cáilitheacha forais airgeadais spreagthachta (dá ngairtear “comhaontuithe ráthaíochta cáilitheacha nua” san alt seo) a dhéanfaidh an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach tar éis cibé dáta a shonrófar san fhógra.

- (b) Ní bheidh feidhm ag comhaontú frithráthaíochta is ábhar d'fhógra faoi *mhír (a)* maidir le comhaontuithe ráthaíochta cáilitheacha nua forais airgeadais spreagthachta.

#### **Teorainn airgeadaíochta le dliteanas an Aire**

**12.** Ní fheidhmeoidh an tAire na cumhachtaí a thugtar dó nó di le halt 4 den Phríomh-Acht nó le *halt 11* ar mhodh a mbeadh de thoradh air gur mhó comhiomlán dhliteanas an Aire i leith na nithe seo a leanas—

- (a) na comhaontuithe airgeadais cáilitheacha go léir, lena mbaineann ráthaíochtaí faoi scéim ráthaíochta creidmheasa, a rinneadh in aon bhliain, agus
- (b) na comhaontuithe ráthaíochta cáilitheacha forais airgeadais spreagthachta go léir, lena mbaineann frithráthaíochtaí faoi scéim frithráthaíochta, a rinneadh sa bhliain chéanna sin,

ná €15.6 milliún.

#### **Scéimeanna frithráthaíochta**

**13.** (1) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim nó scéimeanna a dhéanamh chun críocha na Coda seo.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le scéim faoin alt seo i ndáil le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas:

- (a) faisnéis a thabhairt don Aire, a theastóidh le réasún uaidh nó uaithi, chun comhaontú frithráthaíochta a dhéanamh;
- (b) méid dhliteanas an Aire, de réir comhaontú frithráthaíochta, i leith an fhorais airgeadais spreagthachta rannpháirtigh in imthosca ina mainníonn nó ina ndiúltaíonn an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach an Chuid seo nó an scéim faoin alt seo a chomhlíonadh;
- (c) athrú ar théarmaí comhaontaithe frithráthaíochta in imthosca ina mainníonn nó ina ndiúltaíonn an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach an Chuid seo nó an scéim faoin alt seo a chomhlíonadh;
- (d) gan dochar do ghinearáltacht *alt 14(4)*, an modh ar a n-íocfar an phréimh faoi *alt 14* agus an tráth nó na tráthanna a íocfar an phréimh;
- (e) an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach d'ullmhú agus do chothabháil taifead, leabhair chuntais agus cibé doiciméadacht eile a shonrófar sa scéim faoin alt seo;
- (f) foráil maidir leis an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach do thabhairt doiciméad, faisnéise agus tuarascálacha don Aire;
- (g) cibé nithe eile is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na Coda seo tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(3) Sonrófar i scéim faoin alt seo coinníollacha, a gcomhlíonfaidh an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach iad, a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

- (a) beartais agus cleachtais an fhorais airgeadais spreagthachta rannpháirtigh—
  - (i) maidir le ráthaíochtaí a thabhairt i gcoitinne,
  - (ii) maidir le ráthaíochtaí a thabhairt i leith airgead a sholáthraítear d'fhiontair cháilitheacha, agus
  - (iii) maidir le suimeanna arna n-íoc ag an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach faoi ráthaíocht arna tabhairt ag an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach a ghnóthú,
- (b) riaradh agus bainistiú an fhorais airgeadais spreagthachta rannpháirtigh i ndáil le ráthaíochtaí a thabhairt, agus
- (c) na nósanna imeachta i ndáil le maoirsiú a dhéanamh ar chomhaontuithe ráthaíochta arna ndéanamh ag comhaltaí d'fhoireann an fhorais airgeadais spreagthachta rannpháirtigh thar ceann an fhorais airgeadais spreagthachta rannpháirtigh.

(4) Sonrófar i scéim faoin alt seo—

- (a) an aicme nó na haicmí scéimeanna ráthaíochta cáilitheacha forais airgeadais spreagthachta lena mbainfidh an scéim,
- (b) na cuspóirí ar ina leith a thabharfar frithráthaíocht faoin scéim,
- (c) faoi réir *fho-alt (5)*, na coinníollacha a chomhlíonfar i ndáil leis an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach do dhéanamh comhaontú ráthaíochta de réir scéim ráthaíochta cháilitheach forais airgeadais spreagthachta,
- (d) luach uasta táirgí airgeadais a fhéadfar a sholáthar de bhun comhaontuithe airgeadais—
  - (i) arna ndéanamh idir soláthraithe airgeadais agus fiontair cháilitheacha, agus
  - (ii) atá faoi réir comhaontuithe ráthaíochta cáilitheacha forais airgeadais spreagthachta lena mbaineann an fhrithráthaíocht faoin scéim,
- (e) dliteanas uasta an Aire faoin scéim chun méid a íoc leis an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach i leith airgead—
  - (i) a bheidh, de thuras na huair, gan íoc leis an soláthraí airgeadais faoi aon chomhaontú airgeadais, agus
  - (ii) a d'íoc an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach leis an soláthraí airgeadais, de bhun an chomhaontaithe ráthaíochta cháilitheach forais airgeadais spreagthachta lena mbaineann, i leith an airgid sin a bheidh gan íoc amhlaidh,
- (f) an mhodheolaíocht lena gcinntítear nach féidir leis an scéim oibriú ar mhodh a mbeadh de thoradh air go sárófaí *alt 12*, agus
- (g) an mhodheolaíocht dá dtagraítear in *alt 14(1)*.

- (5) Féadfar a áireamh ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír (c) d'fho-alt (4), i ndáil leis an scéim ráthaíochta cháilitheach forais airgeadais spreagthachta lena mbaineann, coinníollacha lena sonrúfar—
- (a) an aicme nó na haicmí comhaontuithe airgeadais,
  - (b) an aicme nó na haicmí soláthraithe airgeadais, agus
  - (c) an aicme nó na haicmí táirgí airgeadais,
- lena mbainfidh an scéim sin.
- (6) Sonrófar i scéim faoin alt seo an foras nó na forais ar a bhféadfaidh an tAire comhaontú frithráthaíochta a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabharfar don fhoras airgeadais spreagthachta rannpháirteach ina sonrúfar an foras nó na forais lena mbaineann agus an dáta óna mbeidh éifeacht leis an bhfoirceannadh sin.
- (7) (a) Féadfaidh an tAire a cheangal go ndéanfar aon fhaisnéis, dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) arna tabhairt dó nó di ag duine i gcomhlíonadh scéime faoin alt seo, a fhianú maidir le fírinne na faisnéise trí dhearbhuí reachtúil arna dhéanamh ag an duine sin.
- (b) Féadfaidh an tAire a cheangal go ndéanfar aon doiciméad, faisnéis nó tuarascáil, dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(f) arna tabhairt nó arna tabhairt dó nó di ag foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach i gcomhlíonadh scéime faoin alt seo, a fhianú maidir le fírinne ábhair an doiciméid nó na tuarascála nó, de réir mar a bheidh, maidir le fírinne na faisnéise, trí dhearbhuí reachtúil arna dhéanamh ag an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach sin.

#### **Foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach d'íoc préimhe leis an Aire**

14. (1) Faoi réir an ailt seo, déanfaidh an foras airgeadais spreagthachta rannpháirteach, de réir na scéime frithráthaíochta, méid (dá ngairtear “an phréimh” san alt seo), arna chinneadh ag an Aire de réir na modheolaíochta a bheidh sonraithe sa scéim chun an cinneadh sin a dhéanamh, a íoc leis an Aire.
- (2) Beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas le linn an mhodheolaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a shonrú sa scéim frithráthaíochta—
- (a) na caiteachais dá dtagraítear in alt 16 agus a bheidh tabhaithe nó is dóigh a thabhófar, nó a bheidh tabhaithe agus is dóigh a thabhófar, i ndáil leis an scéim, agus
  - (b) cuspóirí na scéime.
- (3) Beidh aird ag an Aire ar na nithe seo a leanas le linn an mhodheolaíochta dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a shonrú sa scéim frithráthaíochta a mhéid a bhaineann leis na caiteachais dá dtagraítear in alt 16—
- (a) méid agus cáilíocht na bhfiontar cáilitheach a fhéadfaidh comhaontuithe airgeadais a dhéanamh le soláthraithe airgeadais lena mbaineann ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach agus a bhféadfadh feidhm a bheith ag frithráthaíochtaí arna dtabhairt faoin scéim maidir leo,

- (b) na priacail a ghabhann leis na fiontair cháilitheacha sin,
  - (c) na gnáthphriacail a ghabhann leis an earnáil nó leis na hearnálacha gnó lena mbaineann na fiontair cháilitheacha sin, agus
  - (d) ré frithráthaíochtaí a thabharfar faoin scéim.
- (4) Féadfar muirear na scéime a mhuirearú go bliantúil, féadfar é a íoc in aon íocaíocht amháin nó ina thráthchodanna, agus féadfar é a íoc cibé tráth nó tráthanna a shonrófar sa scéim frithráthaíochta.
- (5) Úsáidfidh an tAire an phréimh a gheobhaidh sé nó sí ó fhoras airgeadais spreagthachta rannpháirteach chun costais na scéime frithráthaíochta a bhfuil feidhm aici maidir leis an bhforas airgeadais spreagthachta rannpháirteach a íoc agus chuige sin amháin.

#### **Athbhreithniú ar scéim frithráthaíochta**

15. Féadfaidh an tAire, aon tráth, athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú scéime frithráthaíochta agus, tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis athbhreithniú den sórt sin a chríochnú, féadfaidh sé nó sí tuarascáil i scríbhinn a thabhairt do gach Teach den Oireachtas maidir lena chuid fionnachtana agus tátal nó maidir lena cuid fionnachtana agus tátal de thoradh an athbhreithnithe sin.

#### **Caiteachais**

16. Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh na Coda seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

### CUID 4

#### LEASUITHE ILGHNÉITHEACHA NEAMHGHAOLMHARA AR ACHTACHÁIN EILE

#### **Leasú ar alt 101 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998**

17. Leasaítear alt 101 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(4A) (a) I gcás go ndéanfaidh fostaí—

(i) cás nó éileamh faoi alt 77, agus

(ii) éileamh ar shásamh faoi Acht 1977,

a tharchur chuig Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre maidir le dífhostú, ansin, ón dáta iomchuí, measfar an cás nó an t-éileamh dá dtagraítear i bhfomhír (i), a mhéid amháin a bhaineann sé leis an dífhostú sin, a bheith tarraingthe siar mura dtarraingeoidh an fostaí siar an t-éileamh faoi Acht 1977 roimh an dáta iomchuí.

(b) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 1977’ an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977;

[2016.] *An tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú)*, 2016. [Uimh. 1.] CD.4 A.17

tá le ‘dífhostú’ an bhrí chéanna atá leis in Acht 1977;

ciallaíonn ‘dáta iomchuí’ cibé dáta a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nó a chinnfear de réir rialacháin den sórt sin.”.

**Leasú ar alt 34 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000**

18. Leasaítear alt 34 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000, i bhfo-alt (6) (a cuireadh isteach le halt 52(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 agus le Cuid 1 de Sceideal 7 a ghabhann leis an Acht sin), tríd an bhfo-alt sin a athuimhriú mar fho-alt (7).

**Leasú ar an Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015**

19. Leasaítear an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015—

(a) in alt 37, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach:

“(3) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i ndáil le cion a bheidh déanta, nó a líomhnófar a bheidh déanta, roimh thosach feidhme an ailt seo.”,

agus

(b) i gCuid 2 de Sceideal 1, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 5:

“5. Alt 26(3) den Acht um Cheadanna Fostaíochta, 2006”.

**Leasú ar alt 916 d’Acht na gCuideachtaí, 2014**

20. Leasaítear alt 916 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, i bhfo-alt (1), trí “in alt 915(1)” a chur in ionad “in alt 915(2)”.